# Síntiúis do Pháirtithe Polaitíochta

# 2022

*Tuarascáil curtha faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 4(1) d'Acht Toghcháin, 1997*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2 D02 W773**

**Teileafón: (01) 6395666**
**R-Phost: info@sipo.ie**
**Suíomh gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Nollaig 2023**

# Clár Ábhar

Réamhfhocal ........ 3
Caibidil 1: Réamhrá ........ 4
Caibidil 2: Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta ........ 5
Méid na síntiús is gá á fhógairt arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta ........ 6
Caibidil 3: Aonaid chuntasaíochta ........ 7
Cistí i seilbh aonad cuntasaíochta in 2022 ........ 8
Tábla: An líon aonad cuntasaíochta, de réir an pháirtí pholaitíochta ........ 8
Caibidil 4: Foilsiú doiciméad reachtúil ........ 9
Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe in 2022 ........ 10
Aguisín 2: Sonraí síntiús arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta le haghaidh 2022 ........ 11

# Réamhfhocal

De réir alt 4(1) d'Acht Toghcháin, 1997, is cúis áthais dom cóip den tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Cheann Comhairle. Baineann an tuarascáil le ráitis bhliantúla síntiús/teastais síntiús airgid agus dearbhuithe reachtúla, a bhaineann le 2022, a thug páirtithe polaitíochta don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de bhun alt 24 den Acht.



Garrett Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Nollaig 2023

# Caibidil 1: Réamhrá

Tráth nach déanaí ná 31 Márta gach bliain, ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráiteas síntiús a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) maidir leis an mbliain féilire roimhe sin, ina nochtar síntiúis áirithe a tugadh don pháirtí. Chomh maith leis sin, ní mór don pháirtí ráiteas maidir le haon chuntas síntiús polaitíochta atá á choimeád ag institiúid airgeadais a chlúdaíonn an bhliain tuairiscithe a chur ar fáil. Ar deireadh, ní mór don pháirtí dearbhú maidir le síntiúis airgid a chur ar fáil.

Bhí dualgas ar gach páirtí polaitíochta a cláraíodh in 2022 na doiciméid seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2023. I rith 2022, bhí 23 páirtí polaitíochta cláraithe agus bhí dualgas orthu tuairisceáin a sholáthar

Tá liosta de gach páirtí polaitíochta cláraithe a bhfuil ceanglas air ráiteas síntiús a chomhdú ar fáil in Aguisín 1.

## Caibidil 2: Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta

Féadfaidh páirtithe polaitíochta síntiúis a fháil ó dheontóirí éagsúla – daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, saoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu thar lear agus deontóirí corparáideacha cláraithe nó neamhchláraithe. Tá na síntiúis seo faoi réir teorainneacha reachtúla agus tairseach nochta. Chomh maith leis sin, coisceann Acht Toghcháin, 1997 (an tAcht) cineálacha áirithe síntiús, lena n-áirítear síntiúis a sháraíonn na teorainneacha incheadaithe, agus síntiúis ó lasmuigh d'Éirinn seachas i gcúinsí áirithe atá leagtha síos.

Sa chás go bhfaigheann páirtí síntiús a bhfuil luach níos mó ná €100 air, ní mór dó cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choimeád in institiúid airgeadais aitheanta, agus ní mór an síntiús sin agus gach síntiús eile a fhaightear amach anseo a lóisteáil sa chuntas sin.

Is é an t-uasmhéid ar féidir le páirtí polaitíochta glacadh leis ón deontóir céanna, cibé acu duine aonair nó comhlacht, sa bhliain féilire céanna, ná €2,500.

Ní féidir le páirtí glacadh le síntiús corparáideach nó gnó sa bhreis ar €200 mura bhfuil an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún ar Chlár na nDeontóirí Corparáideacha. Chomh maith leis sin, ní cheadaítear do pháirtí polaitíochta glacadh le síntiúis choigríocha, de mhéid ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a bhfuil cónaí air/uirthi lasmuigh d'oileán na hÉireann nó ó chomhlacht corparáideach nó ó chomhlacht neamhchorpraithe nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann.

Gach bliain, ní mór don oifigeach freagrach do pháirtí polaitíochta an méid seo a leanas a chuir ar fáil don Choimisiún:

- ráiteas síntiús, ina nochtar aon síntiúis a fuarthas i rith na bliana féilire roimhe a bhfuil luach de bhreis is €1,500 luaite leo (lena n-áirítear síntiúis ón bhfoinse chéanna lena mbaineann luach comhiomlán de bhreis is €1,500). Ba cheart go n-áireofaí i síntiúis nochta ainm, cur síos agus seoladh poist an duine a rinne an síntiús nó an duine a ndearnadh an síntiús ar a s(h)on, agus
- más cuí, ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh cuntas síntiús an pháirtí polaitíochta, ina sonraítear na hidirbhearta a cuireadh i gcrích i ndáil leis an gcuntas i rith na bliana roimhe sin (ráiteas bainc), agus
- dearbhú sínithe aige/aici, ina sonraítear go raibh na síntiúis airgid ar fad a fuarthas i rith na bliana roimhe sin lóisteáilte sa chuntas agus gur úsáideadh an t-airgead ar fad a tógadh amach as an gcuntas chun críocha polaitíochta (Dearbhú maidir le Síntiúis Airgid), agus
- dearbhú reachtúil sínithe aige/aici ina sonraítear, de réir mar is fearr is eol dó na di, go bhfuil gach ponc ábhartha a bhaineann leis an dearbhú ceart agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé/sí sásta maidir le cruinneas an dearbhaithe.

Tá gá le toradh nialasach sa chás nach bhfuil aon síntiúis faighte ag páirtí nó sa chás nach bhfuil cuntas síntiúis ag páirtí.

Ainneoin go bhféadfadh páirtithe síntiúis níos lú a fháil, ní gá ach na síntiúis atá níos airde ná tairseach an dearbhaithe reachtúil a nochtadh don Choimisiún. Dá réir sin, ní léirítear sna méideanna atá sonraithe sa tuarascáil seo, ach síntiúis atá faighte a bhí cothrom le níos mó ná tairseach an dearbhaithe, agus ní dhéantar cuntas ar gach síntiús faighte ag páirtithe i rith na bliana tuairiscithe.

## Méid na síntiús is gá á fhógairt arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta

I rith 2022 bhí luach iomlán na síntiús is gá a fhógairt ag páirtithe polaitíochta cothrom le €200,161. Tá eolas le fáil in Aguisín 2 maidir leis na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta.

Chaill ocht as na 23 páirtí cláraithe an spriocdháta tuairiscithe 31 Márta. Theip ar thrí cinn de na páirtithe seo (Aitheantas Éire (díscaoilte anois), Ré Nua Éire (athainmníodh é mar Pháirtí Lárnach na hÉireann) agus an Páirtí Náisiúnta) na tuairisceáin reachtúla is gá a sholáthar maidir lena bpáirtithe do 2022.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ráitis síntiús agus ar dhoiciméid a ghabhann leo, agus cheistigh sé lóisteálacha a bhí os cionn na tairsí ceadaithe do shíntiúis nó má bhí amhras ann maidir le haitheantas deontóra.

Tá achoimre ar na síntiúis a nochtadh le fáil sa tábla thíos:

| **Páirtí** | **Líon iomlán na Síntiús a Nochtadh €** |
|---|---:|
| Aontú | €5,000 |
| Fianna Fáil | €2,500 |
| Fine Gael | €56,747 |
| An Comhaontas Glas | €21,075 |
| Páirtí an Lucht Oibre | €27,850 |
| Sinn Féin | €80,190 |
| Pobal roimh Bhrabús - Dlúthpháirtíocht | €1,800 |
| Páirtí na nOibrithe | €5,000 |
| **Iomlán** | **€200,162** |

*Nóta: Slánaíodh na figiúirí chuig an euro is cóngaraí áit ar cuí.*

# Caibidil 3: Aonaid chuntasaíochta

San Acht Toghcháin seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le "aonad cuntasaíochta" - craobh nó fo-eagraíocht eile de pháirtí polaitíochta, a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús a sháraíonn €100.

Cosúil leis an máthairpháirtí polaitíochta, ní mór d'aonad cuntasaíochta a fhaigheann síntiús polaitíochta a sháraíonn €100 cuntas a oscailt agus a choimeád in institiúid airgeadais agus ní mór dó an síntiús sin a lóisteáil sa chuntas sin agus aon síntiúis airgid eile, is cuma cén luach atá i gceist.

Ní mór do "duine freagrach", aonad cuntasaíochta, is é sin le rá an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as déileáil le síntiúis a fhaightear san aonad, an méid seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta gach bliain:

- ráiteas ón institiúid airgid inar osclaíodh cuntas na síntiús polaitíochta, ina sonraítear na hidirbhearta a cuireadh i gcrích i ndáil leis an gcuntas i rith na bliana roimhe sin (ráiteas bainc), agus
- dearbhú sínithe aige/aici, ina sonraítear go raibh na síntiúis airgid ar fad a fuarthas i rith na bliana roimhe sin lóisteáilte sa chuntas agus gur úsáideadh an t-airgead ar fad a tógadh amach as an gcuntas chun críocha polaitíochta (Dearbhú maidir le Síntiúis Airgid), agus
- dearbhú reachtúil sínithe aige/aici ina sonraítear, de réir mar is fearr is eol dó na di, go bhfuil gach ponc ábhartha a bhaineann leis an dearbhú ceart agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé/sí sásta maidir le cruinneas an dearbhaithe.

Faoi Alt 25(1)(c) den Acht, glactar leis mar chion má theipeann ar dhuine freagrach aonad cuntasaíochta an ceanglas seo a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2022, bhí 163 aonad cuntasaíochta ann a ceanglaíodh orthu doiciméadú reachtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chomhlíon 161 aonad cuntasaíochta a n-oibleagáidí maidir le tuairisceáin a chur isteach, agus theip ar 2 aonad tuairisceáin a chur isteach. Bhí aonad cuntasaíochta amháin, áfach, a chuir isteach cuid de dhearbhú reachtúil fianaithe. Lena chois sin, bhí 5 fiosrúchán fós le réiteach nuair a foilsíodh an tuarascáil seo a bhain le ráitis bhainc easnamhach, nó ní fuarthas ráitis bhainc ar bith. Táthar ag déileáil fós leis na cásanna seo.

Tá aird tarraingthe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar an bpointe gur thug roinnt aonad cuntasaíochta le fios go raibh deacrachtaí acu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Bhain formhór na ndeacrachtaí leis an gceanglas ráitis ó institiúidí airgeadais a chur ar fáil.

Áirítear i measc na ndeacrachtaí seo:

- rochtain a fháil ar ráitis bhainc don bhliain féilire roimhe sin in am chun spriocdháta an 31 Márta a chomhlíonadh;
- ráitis cuntas bainc páirtí polaitíochta a fháil mar go bhfuil duine freagrach nua ceaptha; agus
- moilleanna suntasacha mar gheall ar nósanna imeachta bainc a bhaineann le cuntais síntiús polaitíochta a oscailt.

Thuairiscigh aonaid chuntasaíochta go bhféadfadh an próiseas a bhaineann le cuntas síntiús polaitíochta a oscailt a bheith fada agus go bhféadfadh moill a bheith ar shíntiús a lóisteáil, de réir mar a cheanglaíonn an tAcht Toghcháin.

## Cistí i seilbh aonad cuntasaíochta in 2022

Bhí an iarmhéid deiridh comhiomlán a bhí i seilbh aonad cuntasaíochta a bhain leis an mbliain 2022 cothrom le €1,407,667.91

Ní cheanglaítear ar aonaid chuntasaíochta ráiteas síntiús a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, ciallaíonn sé seo go bhfuil deacracht ag an gCoimisiún foinse an airgid atá i gcuntais síntiús polaitíochta na n-aonad cuntasaíochta a oibriú amach agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha síntiús an Achta.

Arís i mbliana, tá béim á leagan ag an gCoimisiún ar a thuairim go bhfuil gá le tuilleadh mionleasaithe ar an reachtaíocht d'fhonn a chinntiú go bhfuil trédhearcacht iomlán luaite leis na haonaid chuntasaíochta. Níl le gá ráiteas síntiúis maidir le haonaid chuntasaíochta.

## Tábla: An líon aonad cuntasaíochta, de réir an pháirtí pholaitíochta

| **An Páirtí Polaitíochta** | **Líon iomlán na n-aonad cuntasaíochta** |
|---|---|
| Fine Gael | 37 |
| Fianna Fáil | 36 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 40 |
| An Comhaontas Glas | 28 |
| Pobal roimh Bhrabús/Dlúthpháirtíocht | 4 |
| Na Daonlathaithe Sóisialta | 9 |
| Sinn Féin | 9 |
| Iomlán | 163 |

# Caibidil 4: Foilsiú doiciméad reachtúil

De réir alt 24(7)(a) den Acht, inniu chuir an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla a chuir na páirtithe polaitíochta ar fáil, faoi bhráid gach Teach den Oireachtas. Tá na doiciméid ar fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Ceanglaítear faoi Alt 73 den Acht go gcuirfear na doiciméid seo ar fáil don phobal chun iniúchadh a dhéanamh orthu in oifigí an Choimisiúin ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. Moltar glaoch a chur roimh ré chun a chinntiú go mbeidh an oifig oscailte do chuairteoirí. Sa chás nach féidir iniúchadh pearsanta a dhéanamh, is féidir leis an gCoimisiún cóipeanna a chur ar fáil ach iad a iarradh trí ríomhphost a chur chuig info@sipo.ie nó glaoch a chur ar (01) 639-5666.

# Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe in 2022

| |
|---|
| Aontú |
| Páirtí Cumannach na hÉireann |
| Daonlathas Duitse in Éirinn |
| Fianna Fáil |
| Fine Gael |
| Fís Nua |
| An Comhaontas Glas |
| Comhaontas Dhínit an Duine |
| Aitheantas Éire (díscaoilte anois) |
| Neamhspleáigh ar son an Athraithe |
| Cumann na Saoirse |
| Comhaontas Neamhspleách Chiarraí |
| Páirtí an Lucht Oibre |
| An Páirtí Náisiúnta |
| Páirtí ar son Leas Ainmnithe |
| RÉ NUA Éire (athainmnithe in 2023 mar Pháirtí Lárnach na hÉireann |
| An Ceart chun Athraithe |
| Sinn Féin |
| Na Daonlathaithe Sóisialta |
| Pobal seachas Brabús/Dlúthpháirtíocht |
| Daoine Aontaithe |
| Páirtí na nOibrithe |
| Gníomhú ar son Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe |

# Aguisín 2: Sonraí síntiús arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta le haghaidh 2022

## Aontú

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Mulligan, Anne | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Mulligan, Liam | Duine Aonair | 2,500.00 |
| **Iomlán** | | **5,000.00** |

## Fianna Fáil

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Dansko Foods Ltd | Deontóir Corparáideach | 2,500.00 |

## Fine Gael

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Ahearn Garret, Seanadóir | Duine Aonair | 1,547.00 |
| Brophy Colm, Aire | Duine Aonair | 1,707.00 |
| Bruton Richard, TD | Duine Aonair | 1,647.00 |
| Burke Colm, TD | Duine Aonair | 1,520.00 |
| Burke Peter, Aire | Duine Aonair | 1,707.00 |
| Cannon Ciarán, TD | Duine Aonair | 1,615.00 |
| Carey Joe, TD | Duine Aonair | 1,583.00 |
| Carroll MacNeill Jennifer, TD | Duine Aonair | 1,528.00 |
| Clune Deirdre, FPE | Duine Aonair | 2,217.00 |
| Coveney Simon, Aire | Duine Aonair | 1,640.00 |
| Creed Michael, TD | Duine Aonair | 1,647.00 |
| Dillon Alan, TD | Duine Aonair | 1,710.00 |
| Doherty Regina, Seanadóir | Duine Aonair | 1,552.00 |
| Donoghue Paschal, Aire | Duine Aonair | 1,703.00 |
| Farrell Alan, TD | Duine Aonair | 1,647.00 |
| Feighan Frank, Aire | Duine Aonair | 1,643.00 |
| Fitzgerald Frances, FPE | Duine Aonair | 1,583.00 |

| | | |
|---|---|---|
| Griffin Brendan, TD | Duine Aonair | 1,583.00 |
| Harris Simon, Aire | Duine Aonair | 1,894.00 |
| Heydon Martin, TD | Duine Aonair | 1,643.00 |
| Higgins Emer, TD | Duine Aonair | 1,647.00 |
| Kelly Sean, FPE | Duine Aonair | 1,707.00 |
| Colm Markey, FPE | Duine Aonair | 1,647.00 |
| McEntee Helen, Aire | Duine Aonair | 1,695.00 |
| McGahon John, Seanadóir | Duine Aonair | 1,633.00 |
| McHugh Joe, TD | Duine Aonair | 1,588.00 |
| O'Donnell Kieran, TD | Duine Aonair | 1,583.00 |
| O'Donovan Patrick, Aire | Duine Aonair | 1,707.00 |
| O'Dowd Fergus, TD | Duine Aonair | 1,628.00 |
| Phelan John Paul, TD | Duine Aonair | 1,647.00 |
| Neale Richmond, Aire | Duine Aonair | 1,538.00 |
| Stanton David, TD | Duine Aonair | 1,552.00 |
| Varadkar Leo, Taoiseach | Duine Aonair | 1,640.00 |
| Walsh Maria, FPE | Duine Aonair | 2,219.00 |
| **Iomlán** | | **56,747** |

### An Comhaontas Glas

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Cuffe Ciarán, FPE | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Hackett Pippa, Seanadóir | Duine Aonair | 1,775.00 |
| Matthews Steven, TD | Duine Aonair | 2,200.00 |
| McGeeney Kevin | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O'Brien Joe, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O'Cathasaigh Marc, TD | Duine Aonair | 2,100.00 |
| O'Gorman Roderic, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O'Reilly Pauline, Seanadóir | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O'Sullivan Grace, FPE | Duine Aonair | 2,500.00 |
| **Iomlán** | | **21,075.00** |

### Páirtí an Lucht Oibre

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Hoey Annie, Seanadóir | Duine Aonair | 1,650.00 |
| Barry Helen | Duine Aonair | 1,000.00 |
| Frost Eithne | Duine Aonair | 1,000.00 |
| Howlin Brendan, TD | Duine Aonair | 2,400.00 |

| | | |
|---|---|---|
| Ivana Bacik, TD | Duine Aonair | 2,150.00 |
| Kelehan Kevin | Duine Aonair | 1,000.00 |
| Kelly Alan, TD | Duine Aonair | 2,400.00 |
| Moynihan Rebecca, Seanadóir | Duine Aonair | 1,800.00 |
| Mulligan Lorraine | Duine Aonair | 1,000.00 |
| Nash Gerald, TD | Duine Aonair | 2,400.00 |
| Nugent, Simon | Duine Aonair | 1,000.00 |
| O'Riordan Aodhan, TD | Duine Aonair | 2,000.00 |
| Sherlock Marie, Seanadóir | Duine Aonair | 1,800.00 |
| Sherlock Sean, TD | Duine Aonair | 2,400.00 |
| Smith Duncan, TD | Duine Aonair | 2,200.00 |
| Wall Mark, Seanadóir | Duine Aonair | 1,650.00 |
| **Iomlán** | | **27,850.00** |

## Sinn Féin

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Andrews Chris, TD | Duine Aonair | 2,400.00 |
| Brady John,  TD | Duine Aonair | 2,000.00 |
| Burns Elizabeth | Duine Aonair | 1,820.00 |
| Carthy Matt, TD | Duine Aonair | 2,496.00 |
| Cronin Réada, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Crowe Seán, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Doyle Dawn | Duine Aonair | 2,000.00 |
| Cullinane David | Duine Aonair | 2,000.00 |
| Daly Pa, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Doherty Pearse, TD | Duine Aonair | 2,496.00 |
| Ellis Dessie, TD | Duine Aonair | 2,499.96 |
| Farrell Mairead, TD | Duine Aonair | 2,499.96 |
| Gavan Paul, TD | Duine Aonair | 2,160.00 |
| Gould Thomas, TD | Duine Aonair | 1,900.00 |
| Guirke Johnny, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Mac Lochlainn Padraig, TD | Duine Aonair | 2,460.00 |
| McDonald Mary Lou, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| McManus Chris, FPE | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Munster Imelda, TD | Duine Aonair | 2,460.00 |
| Mitchell Denise, TD | Duine Aonair | 2,460.00 |
| Mythen Johnny, TD | Duine Aonair | 2,272.70 |
| Ó Murchu Ruairí, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O'Donnghaile Niall,  Seanadóir | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O'Laoghaire Donnchadh, TD | Duine Aonair | 2,499.96 |

| | | |
|---|---|---|
| O'Reilly Louise, TD | Duine Aonair | 2,460.00 |
| O'Rourke Darren, TD | Duine Aonair | 2,499.97 |
| O'Snodaigh Aengus, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Quinlivan Maurice, TD | Duine Aonair | 2,460.00 |
| Ryan Patrick, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Stanley Brian, TD | Duine Aonair | 2,499.96 |
| Tully Pauline, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Walsh, Rose Conway, TD | Duine Aonair | 2,500.00 |
| Ward Mark, TD | Duine Aonair | 1,845.00 |
| Warfield Fintan, Seanadóir | Duine Aonair | 2,000.00 |
| **Iomlán** | | **80,189.51** |

## Pobal roimh Bhrabrús - Dlúthpháirtíocht

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Barry Mick | Duine Aonair | 1,800.00 |
| **Iomlán** | | **1,800.00** |

## Páirtí na nOibrithe

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Ryan Eilis | Duine Aonair | 2,500.00 |
| O’Connor Claire | Duine Aonair | 2,500.00 |
| **Iomlán** | | **2,500.00** |